


# GCE



## Sonraíocht GCE CCEA

# Stair

Le teagasc den chéaduair ó Mheán Fómhair 2016  
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéaduair Samhradh 2017  
Le bronnadh ar leibhéal A den chéaduair Samhradh 2018  
Cód Ábhair: 4010





Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.



### 3 Inneachar Ábhair

Tá an cúrsa seo roinnte againn ina gceithre aonad: dhá aonad ag leibhéal AS agus dhá aonad ag A2. Leagann an roinn seo amach an t-inneachar agus an mionsaothrú do gach aonad. Roghnaíonn daltaí rogha amháin ó gach ceann de na ceithre aonad.

Caithfidh daltaí a roghnaíonn Aonad AS 2 Rogha 3 : Éire 1823–67 **gan** Aonad A2 1 Rogha 2: Éire faoin Aontas 1800–1900, a roghnú.

#### **Achoimriú ar na roghanna atá ar fáil**

##### **Aonad AS 1 Fiosruithe agus Léirmhínte Staire**

Rogha 5: An Ghearmáin 1919–45

##### **Aonad AS 2 Coimhlint Stairiúil agus Athrú**

Rogha 3: Éire 1823–67

##### **Aonad A2 1 Athrú Thar Am**

Rogha 5: Coimhlint Idé-eolaíochtaí san Eoraip 1900–2000

##### **Aonad A2 2 Fiosruithe agus Léirmhínte Staire**

Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–25

### 3.1 Aonad AS 1: Fiosruithe agus Léirmhínte Staire

#### AS 1 Rogha 5: An Ghearmáin 1919–45

Sa rogha seo, déanfaidh na daltaí staidéar ar stair na Gearmáine idir 1919 agus 1945. Sa chéad roinn, díreoidh na daltaí ar Phoblacht Weimar ó 1919 go 1929. Sa dara roinn, déanfaidh na daltaí anailís ar an mheath a tháinig ar Phoblacht Weimar agus ar theacht chun cinn Hitler agus an Pháirtí Naitsíoch ó 1929 go 1933. Sa tríú roinn, déanfaidh na daltaí staidéar ar na himeachtaí polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta i nGearmáin na Naitsithe fad le 1939. Sa cheathrú roinn, díreoidh na daltaí ar iarmháirtí polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta an chogaidh ar Ghearmáin na Naitsithe agus ar na críocha faoi fhorghabháil in Oirthear na Eorpa faoin bhliain 1945.

Scrúdú scríofa a bheas mar mheasúnú sa rogha seo ina mbeidh ceisteanna a éilíonn freagraí gairide, obair ar fhoinsí agus ceist ar léirmhínte ar an stair atá bunaithe ar fhoinsí. Le tuilleadh eolais a fháil féach Roinn 6.

Tá na Cuspóirí Measúnaithe seo a leanas cineálach agus leagann siad amach na scileanna a fhorbróidh na daltaí san aonad seo agus iad ag baint úsáid as an chlár ábhair sa tábla thíos.

#### CM1

Eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le príomhghnéithe na dtréimhsí a ndearnadh staidéar orthu a anailísiú agus a luacháil. Breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh agus coincheapa a fhiosrú, de réir mar is ábhartha, maidir le cúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, cosúlacht, difríocht agus tábhacht.

#### CM2

Anailís agus luacháil a dhéanamh ar ábhar foinsí atá fóirsteanach, ábhar príomhúil agus/nó ábhar atá comhaimseartha leis an tréimhse, taobh istigh dá chomhthéacs stairiúil.

#### CM3

Anailís agus luacháil i gcomhthéacs na staire a dhéanamh ar na dóigheanna éagsúla ar léirmhíodh gnéithe den am atá caite.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<b>Poblacht Weimar 1919–29</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• An Tionól Bunreachtá Náisiúnta, Bunreacht Weimar agus príomhthearmaí Chonradh Versailles</li><li>• Na bagairtí polaitiúla ar Phoblacht Weimar ón eite chlé agus ón eite dheas 1919–23</li><li>• Na fáthanna a bhí leis an éagobhsaíocht eacnamaíoch i bPoblacht Weimar 1919–23</li><li>• Láidreachtaí agus laigí an gheilleagair 1924–29 agus méid an téarnaimh gheilleagraigh</li></ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Poblacht Weimar 1919–29 (ar lean.)</b></p> <p><b>Meath Phoblacht Weimar 1929–33 agus teacht chun cinn na Naitsithe</b></p> <p><b>Imeachtaí i nGearmáin na Naitsithe 1933–39</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An fhorbairt a rinne an Páirtí Naitsíoch 1923–29, Putsch Halla Beorach in München, tábhacht chomhdháil Bamberg an Pháirtí Naitsíoch, cruthú struchtúr an pháirtí náisiúnta agus ionchur Strasser agus Goebbels san áireamh</li> <li>• Tionchar eacnamaíoch agus polaitiúil Cliseadh Shráid Wall ar Phoblacht Weimar 1929–33</li> <li>• An meath a tháinig ar rialtas parlaiminteach agus teacht chun cinn rialtas uachtaránachta</li> <li>• Cliseadh Mhór-Chomhghuaillíocht Müller agus tionchar bheartais Brüning</li> <li>• Dul chun cinn mór na Naitsithe sa toghchán uachtaránachta agus sa toghchán don Reichstag 1929–33</li> <li>• Róil von Schleicher, von Hindenburg agus von Papen agus ‘caimiléireacht pholaitiúil’ agus ceapachán Hitler mar Sheansailéir 30ú Eanáir 1933 dá bharr.</li> <li>• Cruthú dheachtóireacht na Naitsithe 1933–34: an ‘Réabhlóid Dleathach’, comhordú, cruthú stát aonpháirtí agus cliseadh an ‘Dara Réabhlóid’.</li> <li>• Frith-Sheimíteachas, idirdhealú dleathach, eisimirce, bolscaireacht agus síolteagasc, sceimhle agus foréigean, Oíche na Gloine Briste, 1938, san áireamh</li> <li>• Téarnamh geilleagrach 1933–36, ról Schacht san áireamh, príomhaidhmeanna agus tionchar an ‘Phlean Nua’</li> <li>• Tabhairt isteach, aidhmeanna agus tionchar An Phlean Ceithre Bliana, ról Goring 1936–39 san áireamh</li> <li>• Cultúr sa Tríú Reich amhail úsáid na n-ealaíon, ceol, litríocht agus amharc-ealaíona, agus na meáin, raidió, preas agus cineama san áireamh, mar mhodhanna smachta</li> </ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Tionchar an chogaidh ar Ghearmáin na Naitsithe agus ar na críocha faoi fhorghabháil in Oirthear na hEorpa 1939-45</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Eacnamaíocht an chogaidh, na ról a bhí ag Speer agus Todt san áireamh agus tús le ‘Cogadh Iomlán’</li> <li>• Iarmhairtí an chogaidh ar mhuintir na Gearmáine, ciondáil, síolteagasc, bolscaireacht agus meanma san áireamh</li> <li>• Tionchar na buamála a rinne na comhghuailithe, slógadh an lucht oibre, úsáid eachtrannach agus príosúnaigh chogaidh mar oibrithe</li> <li>• Cé chomh mór agus a chuir muintir na Gearmáine in éadan na Naitsithe le linn an chogaidh agus méid a bhfrithbheartaíochta; agóid na n-óg agus na mac léinn, na hEaglaisí Críostaí, na coimeádaigh agus an t-arm san áireamh</li> <li>• Na beartais i leith na nGiúdach i rith an chogaidh, na Giúdaigh Pholannacha agus na geiteonna, iarmhairtí Oibríocht Barbarossa ar na Giúdaigh san Aontas Shóivéideach, Comhdháil Wannsee agus cinédhíothú</li> </ul>



## 3.2 Aonad AS 2: Coimhlint Stairiúil agus Athrú

### AS 2 Rogha 3 : Éire 1823–67

Caithfidh daltaí a roghnaíonn an t-aonad seo gan Aonad A2 1 Rogha 2: Éire faoin Aontas 1800–1900, a roghnú.

San aonad seo, déanfaidh na daltaí staidéar ar Éirinn idir 1823 agus 1867. Cuirfidh siad an rath a bhí ar fheachtas Daniel O'Connell le Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach i gcodarsnacht leis an teip a bhí ar a iarracht aisghairm Acht an Aontais a fháil. Déanfaidh na daltaí anailís ar na fáthanna a bhí leis an chodarsnacht i dtaca lenár bhain O'Connell amach sa dá fheachtas seo. Déanfaidh siad scrúdú fosta ar na cúiseanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha leis an Ghorta Mhór agus a chúrsa, chomh maith leis na hiarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla fad le 1867. Déanfaidh siad anailís ar na cúiseanna agus ar na fáthanna ar theip ar Éirí Amach na nÉireannach Óg in 1848 agus ar Éirí Amach na bhFíníní in 1867.

Scrúdú scríofa a bheas mar mheasúnú sa rogha seo ina mbeidh ceisteanna a éilíonn freagraí gairide agus ceisteanna sínte araon. Le tuilleadh eolais a fháil féach Roinn 6.

Tá an Cuspóir Measúnaithe seo a leanas cineálach agus leagann sé amach na scileanna a fhorbróidh na daltaí san aonad seo agus iad ag baint úsáid as an inneachar sa tábla thíos.

#### CM1

Eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le príomhghnéithe na dtréimhsí a ndearnadh staidéar orthu a anailísiú agus a luacháil. Breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh agus coincheapa a fhiosrú, de réir mar is ábhartha, maidir le cúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, cosúlacht, difríocht agus tábhacht.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<b>O'Connell agus Fuascailt na gCaitliceach 1823–34</b>  <b>Leasú, aisghairm agus teip 1835–47</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Aidhmeanna fheachtas Daniel O'Connell le Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach agus na beartaíochtaí a d'úsáid sé</li><li>• An dearcadh a bhí ag rialtais éagsúla na Breataine i leith Fhuascailt na gCaitliceach agus a bhfreagairt</li><li>• An tábhacht a bhí leis na tosca éagsúla ba chúis le rath a bheith ar an fheachtas ar son Fhuascailt na gCaitliceach a chur i gcomparáid</li><li>• Tionchar Fhuascailt na gCaitliceach fad le 1834, na fáthanna a bhí le Cogadh na nDeachúna agus freagairt O'Connell ar leasuithe na bhFuigeanna in Éirinn fad le Bille na hAisghairme in 1834 san áireamh</li><li>• An fáth ar aontaigh O'Connell agus na Fuigeanna i dtaca le Comhaontú Theach Lichfield in 1835</li><li>• Na tairbhí agus na cúiseanna díomá a bhí ag O'Connell agus na Fuigeanna i leith Chomhaontú Theach Lichfield</li></ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Leasú, aisghairm agus teip 1835–47 (ar lean.)</b></p> <p><b>Na cúiseanna a bhí leis an Ghorta Mhór in Éirinn 1824–67, ar tharla lena linn, agus an tionchar a bhí aige</b></p> <p><b>Éirí Amach na bhFíníní 1867</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An fáth a raibh O'Connell ag iarraidh Acht an Aontais a aisghairm agus na modhanna a d'úsáid Gluaiseacht na hAisghairme</li> <li>• Tuairim rialtas na Breataine ar an aisghairm agus tábhacht na leasuithe Éireannacha a rinne Peel</li> <li>• An caidreamh idir O'Connell agus na hÉireannaigh Óga</li> <li>• Na cúiseanna agus na fáthanna ar theip ar réabhlóid ghluaiseacht na nÉireannach Óg</li> <li>• Tábhacht na bhfáthanna éagsúla ar theip ar O'Connell Acht an Aontais a aisghairm a chur i gcomparáid</li> <li>• Cúiseanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha leis an Ghorta Mhór, 1824–45</li> <li>• Cúrsa agus fairsinge an Ghorta Mhóir</li> <li>• Dearcadh rialtais na Breataine faoi Peel agus Russell i leith an Ghorta Mhóir 1845–49 agus a bhfreagairt</li> <li>• Rath agus teipeanna bhearta fóirithinte na Breataine ar an Ghorta 1845–49</li> <li>• Iarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla an Ghorta Mhóir suas go dtí 1867</li> <li>• Bunús, ceannaireacht agus aidhmeanna ghluaiseacht na bhFíníní</li> <li>• Dearcadh rialtas na Breataine i leith ghluaiseacht na bhFíníní agus a bhfreagairt</li> <li>• Na fáthanna a bhí le tús Éirí Amach na bhFíníní in 1867 agus tábhacht na dtosca éagsúla ba chúis le teip an Éirí Amach a chur i gcomparáid</li> </ul>

### 3.3 Aonad A2 1: Athrú Thar Am

#### A2 1 Rogha 5: Coimhlint Idé-eolaíochtaí san Eoraip 1900–2000

Réamheolas gairid ar bheartas eachtrach na Sár idir 1900 agus 1917 is tús leis an rogha seo. Ansin díríonn daltaí ar an chaidreamh idir an Rúis Chumannach agus na rialtais in aice laimhe in iarthar na hEorpa ó Réabhlóid Dheireadh Fómhair 1917 go dtí titim APSS (Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha) in 1991. Déanann na daltaí scrúdú ar cheannfháthanna, aidhmeanna agus modhanna na rialtas ina ngnóthaí eachtracha, ag díriú ar thosca a raibh tionchar acu ar na cinntí agus na gníomhartha a rinne siad, ar a n-áirítear ról na hidé-eolaíochta, an phragmatachais, cúrsaí eacnamaíochta, an ionsaithe agus na cosanta. Agus staidéar á dhéanamh acu ar bheartas eachtrach na Sóivéadach agus é sin a bhí ag a rialtais iomaíoch, déanann daltaí anailís ar théamaí an ratha agus na teipe. Déanann siad staidéar fosta ar ról na bpríomhdhaoine agus measúnú ar chora cinniúnacha suntasacha.

Scrúdú scríofa a bheas mar mheasúnú sa rogha seo. Tabharfaidh na daltaí freagairt ar cheist bunaithe ar aiste shionoptach ina ndéanfar anailís ar an tréimhse ina hiomláine. Le tuilleadh eolais a fháil féach Roinn 6.

Tá an Cuspóir Measúnaithe seo a leanas cineálach agus leagann sé amach na scileanna a fhorbróidh na daltaí san aonad seo agus iad ag baint úsáid as an inneachar sa tábla thíos.

#### CM1

Eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le príomhghnéithe na dtréimhsí a ndearnadh staidéar orthu a anailísiú agus a luacháil. Breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh agus coincheapa a fhiosrú, de réir mar is ábhartha, maidir le cúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, cosúlacht, difríocht agus tábhacht.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<b>An Rúis agus an Eoraip 1900–17</b> <b>An Rúis Réabhlóideach agus cur i gcoinne ó rialtais an iarthair 1917–33</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Na príomhimeachtaí i mbeartas eachtrach na Sár sa tréimhse 1900–17</li><li>• Na príomhthosca a raibh tionchar acu ar bheartas eachtrach na Sóivéadach agus ar bheartas eachtrach rialtais an iarthair a bhí ag cur i gcoinne an Chumannachais 1917–33</li><li>• Ceannfháthanna, aidhmeanna agus modhanna bheartas eachtrach Leinín 1917–24</li><li>• Príomhimeachtaí i mbeartas eachtrach Leinín, ar a n-áirítear an Chéad Chogadh Domhanda, Brest-Litovsk, Comintern agus idirghabháil eachtrach.</li><li>• Ceannfháthanna, freagairt agus modhanna rialtais an iarthair agus an méid ratha a bhí acu 1917–24</li><li>• Ceannfháthanna, aidhmeanna agus modhanna bheartas eachtrach na Sóivéide 1924–33, ról Stailín agus ‘Sóisialachas in Aon Tír Amháin’, chomh maith le ceannfháthanna, freagairt agus modhanna rialtais an iarthair</li></ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>An streachailt le teacht slán 1933–45</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhimeachtaí i mbeartas eachtrach na Sóivéide 1933–45, ar a n-áirítear comhshlándáil, Conradh na Náisiún, Cogadh Cathartha na Spáinne agus an Comhaontú Naitsí-Shóivéadach</li> <li>• Ceannfháthanna, freagairt agus modhanna rialtais an iarthair agus an méid ratha a bhí acu 1933–45</li> <li>• Tionchar an Dara Cogadh Domhanda ar an APSS, agus ar chomhaontuithe Yalta agus Potsdam</li> </ul>
<p><b>Slándáil á lorg 1945–56</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na ceannfháthanna, aidhmeanna agus modhanna a raibh tionchar acu ar bheartas eachtrach na Sóivéide 1945–56</li> <li>• Na príomhimeachtaí i mbeartas eachtrach na Sóivéide 1945–56, ar a n-áirítear cliseadh an Chomhaontais Mhóir, forlámhas na Sóivéide in Oirthear na hEorpa agus Imshuí Bheirlín</li> <li>• Ceannfháthanna, freagairt agus modhanna rialtais an iarthair, ar a n-áirítear Dúnghaois Truman agus Cúnamh Marshall, agus an méid ratha a bhí acu 1945–56</li> </ul>
<p><b>Comhoibriú agus cómhaireachtáil 1956–79</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na ceannfháthanna, aidhmeanna agus modhanna a raibh tionchar acu ar bheartas eachtrach Khrushchev 1956–64</li> <li>• Na príomhimeachtaí i mbeartas eachtrach na Sóivéide 1956–64, ar a n-áirítear cómhaireachtáil shíochánta, smacht a chothabháil in Oirthear na hEorpa, Éirí Amach na hUngáire agus Balla Bheirlín.</li> <li>• Ceannfháthanna, freagairt agus modhanna rialtais an iarthair agus an méid ratha a bhí acu 1956–64</li> <li>• Na ceannfháthanna, aidhmeanna agus modhanna a raibh tionchar acu ar bheartas eachtrach Brezhnev 1964–79</li> <li>• Na príomhimeachtaí i mbeartas eachtrach na Sóivéide 1964–79, ar a n-áirítear géarchéim na Seicslóvaice, Dúnghaois Brezhnev, SALT (<i>Cainteanna faoi Theorannú Straitéiseach Arm</i>) agus ré détente</li> <li>• Ceannfháthanna, freagairt agus modhanna rialtais an iarthair agus an méid ratha a bhí acu 1964–79</li> </ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Ionsaí na Sóivéadach, a meath agus a dtitim 1979–91</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na ceannfháthanna, aidhmeanna agus modhanna a raibh tionchar acu ar bheartas eachtrach na Sóivéadach 1979–91</li> <li>• Éifeachtaí na hAfganastáine ar an Eoraip, an dara Cogadh Fhuar agus meath APSS 1979–85</li> <li>• Na príomhimeachtaí i mbeartas eachtrach na Sóivéadach 1985–91, ar a n-áirítear ról Gorbachev, laghdú ar theannais agus deireadh an Chogaidh Fhuair.</li> <li>• Na fáthanna le titim Impireacht na Sóivéadach in Oirthear na hEorpa agus titim APSS é féin faoi 1991</li> <li>• Ceannfháthanna, freagairt agus modhanna rialtais an iarthair agus an méid ratha a bhí acu 1979–91</li> <li>• Rath agus teipeanna bheartas eachtrach na Sóivéadach 1917–91:</li> </ul>

### 3.4 Aonad A2 2: Fiosruithe agus Léirmhínte Staire

#### A2 2 Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–25

Sa rogha seo, díreoidh na daltaí ar an dóigh a ndearnadh Éire a chríochdheighilt i sna luathbhlianta den fhichiú haois. Déanfaidh na daltaí anailís ar na príomhimeachtaí i dtaca leis an aontachas agus an náisiúnachas in Éirinn agus ar ról Rialtas na Breataine agus na bpáirtithe polaitiúla sa tréimhse seo. Tá cur chuige cróineolaíoch ann, ón ghéarchéim faoin Tríú Bille Rialtas Dúchais d'Éirinn sna blianta roimh an chogadh go dtí staidéar ar Thuaisceart Éireann 1921–25, stát nua a cruthaíodh de bharr na críochdheighilte. Díreoidh na daltaí fosta ar dhaoine aonair in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór a d'imir príomhról nuair a bhí athruithe ollmhóra ag tarlú sa tréimhse seo.

Scrúdú scríofa a bheas mar mheasúnú sa rogha seo, ina mbeidh obair ar fhoinsí, ceist ar léirmhínte ar an stair a bheas bunaithe ar fhoinsí, agus ceist ina mbeidh aiste shínte le scríobh. Le tuilleadh eolais a fháil féach Roinn 6.

Tá na Cuspóirí Measúnaithe seo a leanas cineálach agus leagann siad amach na scileanna a fhorbróidh na daltaí san aonad seo agus iad ag baint úsáid as an chlár ábhair sa tábla thíos.

#### CM1

Eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le príomhghnéithe na dtréimhsí a ndearnadh staidéar orthu a anailísiú agus a luacháil. Breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh agus coincheapa a fhiosrú, de réir mar is ábhartha, maidir le cúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, cosúlacht, difríocht agus tábhacht.

#### CM2

Anailís agus luacháil a dhéanamh ar ábhar foinsí atá fóirsteanach, ábhar príomhúil agus/nó ábhar atá comhaimseartha leis an tréimhse, taobh istigh dá chomhthéacs stairiúil.

#### CM3

Anailís agus luacháil i gcomhthéacs na staire a dhéanamh ar na dóigheanna éagsúla ar léirmhíniú gnéithe den am atá caite.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<b>An ghéarchéim faoin Tríú Bille Rialtas Dúchais suas go dtí Meán Fómhair 1914</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Tábhacht bhua na Liobrálaithe san olltoghchán in 1906 do chúrsaí polaitíochta in Éirinn, i ndiaidh deich mbliana de riail na gCoimeádach</li><li>• Tábhacht thorthaí an olltoghcháin i Mí Eanáir agus i Mí na Nollag 1910 do chúrsaí polaitíochta in Éirinn</li><li>• Cé chomh maith agus a d'éirigh leis an rialtas Liobrálach faoi Asquith agus le Páirtí Parlaiminteach na hÉireann faoi Redmond a n-aidhmeanna a bhaint amach faoi Mheán Fómhair 1914, ag díriú ar an Acht um Rialtas Dúchais</li><li>• Ceannfháthanna Aontachtaithe Uladh, Aontachtaithe an Deiscirt agus an pháirtí Choimeádach faoi cheannas Carson, Craig agus Law faoi seach go príomha le cur in éadan Rialtas Dúchais</li></ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>An ghéarchéim faoin Tríú Bille Rialtas Dúchais suas go dtí Meán Fómhair 1914 (ar lean.)</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Na modhanna a d'úsáid siad agus cé chomh maith agus a d'éirigh le gach páirtí a bhí in éadan Rialtas Dúchais a n-aidhmeanna a bhaint amach faoi Mheán Fómhair 1914</li> <li>• Na príomhimeachtaí sa tréimhse 1910–14 ; anailísiú ar cé chomh mór agus is féidir an rialtas Liobrálach agus páirtithe polaitiúla eile a lochtú faoin ghéarchéim faoi Rialtas Dúchais</li> </ul>
<p><b>Imeachtaí Polaitiúla 1914–18</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tionchar polaitiúil an Chéad Chogaidh Dhomhanda ar Éirinn idir 1914 agus 1916</li> <li>• Cúiseanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha Éirí Amach na Cásca 1916</li> <li>• Tábhacht an Éirí Amach agus a iarmhairt láithreach</li> <li>• Imeachtaí polaitiúla 1916-18, go háirithe na fáthanna a bhí leis an toradh in Éirinn den olltoghchán I Mí na Nollag 1918, láidreachtaí Shinn Féin, laigí Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann agus teip bheartais rialtas na Breataine san áireamh</li> </ul>
<p><b>Imeachtaí Polaitiúla 1919–23</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhthéacs thús Chogaidh na Saoirse (an Chogaidh Angla-Éireannaigh) in 1919 agus na beartaíochtaí míleata agus polaitiúla a d'úsáid údaráis na Breataine agus poblachtaigh na hÉireann i rith na coimhlinte sa tréimhse 1919–21</li> <li>• Na fáthanna a raibh údaráis na Breataine agus poblachtaigh na hÉireann ag iarraidh sos cogaidh in 1921</li> <li>• Aidhmeanna na Breataine maidir leis an Acht um Rialú na hÉireann 1920</li> <li>• Freagairt Shinn Féin agus Aontachtaithe ar Acht um Rialú na hÉireann agus an tábhacht leis an fhreagairt sin in Éirinn thuaidh agus theas</li> <li>• An próiseas trínar aontaíodh An Conradh Angla-Éireannach i Mí na Nollag 1921</li> <li>• Aidhmeanna an dá thaobh sna hidirbheartaíochtaí maidir leis an Chonradh agus cé chomh maith agus a d'éirigh leo na haidhmeanna sin a bhaint amach</li> </ul>

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p><b>Imeachtaí Polaitiúla 1919–23 (ar lean.)</b></p> <p><b>Tuaisceart Éireann 1921–25</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cúiseanna agus imeachtaí an Chogaidh Chathartha 1922–23 in Éirinn</li> <li>• Na fáthanna le bua arm an tSaorstáit sa Chogadh Chathartha in Éirinn</li> <li>• Na hinstitiúidí a bhunaigh rialtas nua Thuaisceart Éireann faoi cheannas Sir James Craig in 1921</li> <li>• Na dúshláin a bhí roimh rialtas Craig maidir le slándáil, ceisteanna eacnamaíochta, teannas seicteach, Coimisiún na Teorann agus cur le chéile chóras feidhmithe rialtais</li> <li>• Cé chomh maith agus a d'éirigh le rialtas Craig faoi 1925 agus iad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin seo</li> </ul>





INVESTORS  
IN PEOPLE

